Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2024
(OR. en, de)

17001/24
PV CONS 70
ENV 1238
CLIMA 462

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Comhshaol)

17 Nollaig 2024

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 16745/24 agus mír faoi 'Aon ghnó eile' **(mír nua 6(g))** curtha leis, arna iarraidh sin don Fhrainc. Chomhaontaigh an Chomhairle freisin an mhír bhreise sin a phlé ag seisiún poiblí de réir Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

Liosta neamhreachtach 16785/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Rialachán maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú** ❶C 16721/24 + ADD 1
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú, mar a léirítear i dtoradh na n-imeachtaí (16980/24).

Thíolaic an Eastóin, an Ghearmáin agus an Laitvia ráitis, agus thíolaic an Chipir, an Ghréig agus Málta ráiteas comhpháirteach, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

4. **Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE** ❶C 16276/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna a réitigh an uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**5. Teachtaireacht maidir le Sprioc Aeráide 2040 na hEorpa** 16277/24
*Malartú tuairimí*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Aon ghnó eile**

6. **(a) Margaí ar líne - neamhchomhlíonadh oibleagáidí freagrachta leathnaithe táirgeora agus conas aghaidh a thabhairt air** 16815/24
*Faisnéis ón tSeicia, ón Danmhairg, ón bhFrainc agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia, an Danmhairg, an Fhrainc agus an tSlóvaic ar fáil, chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

**(b) Ardáin an-mhór ar líne - neamhchomhlíonadh na freagrachta leathnaithe táirgeora agus conas aghaidh a thabhairt air** 16850/24
*Faisnéis ón Ostair*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair ar fáil, chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

**(c) Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn Mhisin an Aontais faoin gclár Fís Eorpach mar uirlis don ghníomhú áitiúil ar son na haeráide** 16502/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(d) Tuarascálacha ar na príomhchruinnithe idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí**

**(i) An 29ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP 29) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) (Baku, an Asarbaiseáin, an 11–22 Samhain 2024)** 16744/24

**(ii) An 5ú seisiún den Choiste Caibidlíochta Idir-rialtasach chun Ionstraim Idirnáisiúnta maidir le Truailliú Plaisteach, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, a fhorbairt (INC-5) (Busan, Poblacht na Cóiré, an 25 Samhain go dtí an 1 Nollaig 2024)** 16734/24

**(iii) An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (Cali, an Cholóim, an 21 Deireadh Fómhair 1 Samhain 2024)** 16867/24

- **COP 16 sa CBD**
- **COP- MOP 11 ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht**
- **COP- MOP 4 ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí**

**(iv) An 16ú Comhdháil de na Páirtithe sa Choinbhinsiún chun an gaineamhlú a chomhrac (UNCCD COP 16) (Riyadh, an Araib Shádach, an 2-13 Nollaig 2024)** 16906/24

*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

**(e) Na príomh-shaincheisteanna san athbhreithniú spriocdhírithe ar Rialachán REACH** [2] 16416/24

*Faisnéis ón tSualainn, le tacaíocht ón Danmhairg, ón bhFionlainn agus ó Lucsamburg*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSualainn ar fáil, le tacaíocht ón Danmhairg, ón bhFionlainn agus ó Lucsamburg.

(f) Clár oibre de chuid na hUachtaránachta inteachta

*Faisnéis ón bPolainn*

**(g) Ní mór gan monaróirí gluaisteán a lagú trí phionóis a ghearradh orthu, ach mar sin féin is gá spriocanna agus uaillmhian an rialacháin maidir le caighdeáin CO2 do ghluaisteáin agus veaineanna a choinneáil** [2] 16972/24
*Faisnéis ón bhFrainc*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil, chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

---

**Ráiteas a ghabhann leis na míreanna 'B'**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú**<br>*Cur chuige ginearálta* |

## RÁITEAS ÓN EASTÓIN

'Tacaíonn an Eastóin le haidhm fhoriomlán an Rialacháin, is é sin, caillteanas millíní plaisteacha sa chomhshaol a chosc agus éiceachórais agus sláinte an duine a chosaint. Measaimid, áfach, gur gá an t-ábhar imní seo a leanas a chur in iúl.

Ní thacaíonn an Eastóin i bprionsabal le rialacha earnáilsonracha maidir leis an dlí sibhialta a thabhairt isteach i reachtaíocht mhargadh inmheánach an Aontais ós rud é go gcruthaíonn na difríochtaí sin castacht mhíchuí sa chóras dlí agus go bhféadfadh siad staid a chruthú ina gcaitear le daoine, lena n-áirítear daoine díobhálaithe nó gnólachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla, ar bhealach éagsúil, rud a d'fhéadfadh fadhbanna a chruthú maidir le prionsabal na córa comhionainne a léirítear inár mBunreacht. Tá feidhm aige sin maidir leis na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán maidir leis na tréimhsí teorann d'éilimh i leith damáiste don tsláinte, arbh iad sáruithe ar an Rialachán ba chúis leo.

Cé go luaitear sa téacs atá ann faoi láthair go bhféadfaidh na Ballstáit tréimhsí teorann a bhunú do na héilimh sin ar chúiteamh, déantar foráil ann fós maidir leis na rialacha sonracha sainordaitheacha i ndáil le túsphointe na tréimhse teorann. Ciallaíonn sé sin gurb éagsúil é an tréimhse theorann maidir le héileamh ar dhamáiste don tsláinte a thagann aníos de bharr sárú ar an Rialachán leis an tréimhse theorann maidir le héilimh eile i ndáil le damáiste don tsláinte, a bhforáiltear tréimhse theorann aonfhoirmeach ina leith faoi dhlí na hEastóine, agus é á chur san áireamh nár cheart caitheamh le híospartaigh ar bhealach éagsúil ag brath ar an ngníomh éagórach ba chúis leis an damáiste don tsláinte.

Dá bhrí sin, mholfadh an Eastóin na hargóintí thuasluaite a mheas le linn na gcéimeanna caibidlíochta atá ar na bacáin.'

## RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN

'Tacaíonn an Ghearmáin go sainráite leis an gcuspóir go ndéanfaí méid na millíní plaisteacha a thagann isteach sa timpeallacht a laghdú. Dá bhrí sin, glacann sí le cur chuige ginearálta na Comhairle, ionas gur féidir rialacha uaillmhianacha uile-Aontais a bhaint amach a luaithe is féidir. Mar sin féin, measann an Ghearmáin go bhfuil sé tábhachtach tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le forálacha áirithe den dréacht-Rialachán sa chaibidlíocht thríthaobhach le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach.

Tá feidhm aige sin go háirithe i gcás na ngnéithe seo a leanas:

- an t-ualach riaracháin ar údaráis inniúla agus ar ghnólachtaí a laghdú, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga;
- tairseach a thabhairt isteach d'iompróirí i ndáil leis an méid millíní plaisteacha is féidir a iompar gach bliain féilire, tairseach 5 thona mar shampla; mura ndéanfar an méid sin, is dócha go bhforchuirfear ualach trom riaracháin ar na húdaráis inniúla atá freagrach as fógraí iompróirí agus aon leasuithe orthu a bhailiú i gcomhréir le hAirteagal 3(2) agus (3);
- deireadh a chur le neamhréireachtaí idir an téacs dlíthiúil agus cleachtais sheanbhunaithe in earnáil an iompair; mar shampla, murab ionann agus an méid a shonraítear in Iarscríbhinn III, de ghnáth ní bhíonn iompróirí sa Ghearmáin freagrach as luchtú agus díluchtú (lena n-áirítear úsáid trealaimh de chineál forcardaitheoirí), ná ní bhíonn siad freagrach as earraí a shlánphacáistiú chun coimeádáin a iompar nó a ghlanadh;
- dúbláil rialála a sheachaint maidir leis na ceanglais faisnéise agus ceanglais maidir le nochtadh (Airteagal 7a), agus ceanglais riaracháin éifeachtacha a áirithiú a bheadh curtha in oiriúint do chuspóirí an Rialacháin.’

## RÁITEAS ÓN LAITVIA

‘Tacaíonn an Laitvia le príomhchuspóirí an Rialacháin, .i. an leibhéal cosanta comhshaoil a mhéadú trí shileadh millíní plaisteacha a chosc óna mbunchoimeádáin le linn gnáthláimhseála, agus ar an gcaoi sin riosca an tsilte a laghdú go dtí an leibhéal is ísle is féidir. Is féidir leis an Laitvia tacú leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht agus le comhaontú maidir le sainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

Ag an am céanna, is **cúis mhór imní don Laitvia** leathnú raon feidhme an Rialacháin, is é sin go ndéanfaí **an muiriompar a áireamh** ann.

Is cúis imní ar leith don Laitvia **nach ndearnadh aon mheasúnú tionchair cuimsitheach** maidir leis an earnáil áirithe sin a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo. Thairis sin, d’fhéadfadh **cur chun feidhme praiticiúil** an Rialacháin a bheith casta, i bhfianaise chineál réigiúnach an Rialacháin. Tá Moltaí IMO (MEPC.1/Circ.909) deonach do gach ballstát IMO — tá sé de cheart acu rogha a dhéanamh na moltaí sin a chur chun feidhme. Trí Mholtaí IMO a ghlacadh sa Rialachán seo, beidh sé d’oibleagáid ar Bhallstáit uile an Aontais iad a chur chun feidhme go héigeantach.

Creideann an Laitvia **gur gá breithniú críochnúil a dhéanamh ar an ábhar sin san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO)**, a mbeadh **na páirtithe leasmhara uile** rannpháirteach ar bhealach gníomhach sa phróiseas cinnteoireachta (lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha). Is é an tuairim atá againn gur cheart do Bhallstáit an Aontais comhoibriú laistigh de chreat IMO chun forbairt agus glacadh tráthúil na leasuithe ar choinbhinsiúin IMO a chur chun cinn, leasuithe lena dtabharfaí aghaidh ar bhealach éifeachtach agus ar scála domhanda ar shaincheist iompar na millíní plaisteacha ar muir.

I bhfianaise an mhéid thuas, **ní thacaíonn an Laitvia le muiriompar a áireamh** i raon feidhme an Rialacháin.’

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ón gCIPIR, AN GHRÉIG AGUS MÁLTA**

'Is mian leis *an gCipir, an Ghréig agus Málta* a n-ábhair imní agus a bhforchoimeádais thromchúiseacha a chur in iúl i ndáil le hearnáil na loingseoireachta a áireamh i raon feidhme an Rialacháin maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú ar na forais seo a leanas.

Ar an gcéad dul síos, sa togra ón gCoimisiún, rinneadh earnáil na loingseoireachta a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin. Dá bhrí sin, ní dhearnadh measúnú tionchair riamh i ndáil leis an loingseoireacht a áireamh. Tá sé sin contrártha, *inter alia*, do phrionsabail bhunúsacha na coimhdeachta agus na comhréireachta. Mar a léirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina cásdlí, ní mór do reachtas an Aontais measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na n-oibleagáidí atá á dtabhairt isteach agus a áirithiú go gcomhlíonann na hoibleagáidí sin na ceanglais a eascraíonn as prionsabal na comhréireachta.

Ón tús, d'áitíomar arís agus arís eile nach gcuirfí earnáil na loingseoireachta san áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo, ós rud é gur cheart an tsaincheist sin a scrúdú ar an leibhéal idirnáisiúnta. Go háirithe, ba cheart an tsaincheist a scrúdú faoi chreat IMO, mar an t-aon eagraíocht amháin ag a bhfuil an saineolas, an taithí agus an inniúlacht is gá chun na bearta iomchuí a ghlacadh le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist ar scála domhanda, agus cothrom iomaíochta sa loingseoireacht idirnáisiúnta á choinneáil ann ag an am céanna.

Go deimhin féin, tá IMO ag tabhairt aghaidh ar an tsaincheist seo cheana féin. Go háirithe, le linn an 82ú seisiún a bhí aige le déanaí, chomhaontaigh Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid IMO forbairt na leasuithe ar choinbhinsiúin ábhartha IMO a áireamh i bPlean Gníomhaíochta na hEagraíochta, chun ceanglais a thabhairt isteach maidir le iompar millíní ar muir, agus sainordaíodh go ndéanfaí téacs a ullmhú atá le cur faoi bhráid an chéad seisiúin eile den Fhochoiste inniúil (PPR). Thug sé treoir freisin d'Fhochoiste PPR anailís a dhéanamh ar an reachtaíocht a d'fhéadfaí a leasú agus ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhonn tuarascáil a chur faoi bhráid an Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí, a luaithe a chríochnófar í.

I bhfianaise an mhéid thuas, is léir go bhfuil IMO ag tabhairt aird chúramach ar shaincheist iompar na millíní ar muir agus go bhfuil sé ag obair cheana féin ar chaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a fhorbairt le go ndéanfaí iad a ghlacadh agus iad a chur chun feidhme ar bonn éigeantach ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Bunaithe ar an méid sin thuas, creidimid gur cheart iompar millíní ar muir a fhágáil lasmuigh de raon feidhme an dréacht-Rialacháin, go háirithe ós rud é go bhfuil forbairt na rialachán idirnáisiúnta ábhartha ar siúl cheana féin laistigh d'orgáin inniúla IMO.

Is é ár dtuairim gur cheart do Bhallstáit an Aontais dul i gcomhar le chéile agus oibriú le chéile laistigh de chreat IMO, chun forbairt agus glacadh mear na leasuithe ar choinbhinsiúin IMO a chur chun cinn — mar shampla trí thograí coiteanna a thíolacadh — chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar shaincheist iompar na millíní ar muir, agus é sin ar an leibhéal domhanda iomchuí.

Creidimid freisin go mbeadh tionchar níos mó ag an gcur chuige sin ar bhallstáit eile IMO, seachas ar an iarracht — uair amháin eile — chun rialacháin de chuid an Aontais a fhorchur ar stáit eile. Bhí aisfhreagairtí diúltacha ann cheana féin laistigh den IMO mar gheall ar an gcleachtas sin.

Ar deireadh, is mian linn a chur in iúl go bhfuil díomá orainn, a mhéid a bhaineann le loingseoireacht, nár cuireadh san áireamh sa dréacht-téacs reachtach a bhfuiltear ag iarraidh orainn a ghlacadh mar Chur Chuige Ginearálta, leasuithe nithiúla a bhí á mbeartú arb é b'aidhm dóibh tuilleadh feabhais a chur ar an téacs reachtach le go seachnófaí forluí le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana (Airteagal 15 'Pionóis') agus lena n-áiritheofaí an t-ailíniú le bearta idirnáisiúnta (Airteagal 18b mír 3 'Meastóireacht agus athbhreithniú') .'